Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10856 — OAKTREE / CPP INVESTMENTS / PORTS AMERICA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 320/24)

1. An 17 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Oaktree Transportation Infrastructure Capital Partners GP, L.P. ("Oaktree Transportation", na Stáit Aontaithe),

— CPPIB PAG Canada Inc. ("CPPIB", Ceanada),

— Ports America Group, Inc. ("Ports America", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Oaktree Transportation agus CPPIB comhrialú ar Ports America de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus (4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oaktree Transportation: is cuid é den mhórghrúpa Oaktree Capital, gnólacht domhanda bainistíochta infheistíochtaí malartacha agus neamhthraidisiúnta,

— CPPIB: is cuid é de Canada Pension Plan Investment Board, eagraíocht bainistíochta infheistíochtaí a infheistíonn na cistí a aistrítear chuige ó Canada Pension Plan, agus oifigí aige in Hong Cong, Londain, Lucsamburg, Mumbai, Cathair Nua-Eabhrac, Sao Paulo, San Francisco, agus Sydney. Infheistíonn Canada Pension Plan Investment Board go príomha i ngnáthscaireanna poiblí, i ngnáthscaireanna príobháideacha, in eastát réadach, i mbonneagar, agus in infheistíochtaí ioncaim sheasta,

— Ports America: oibreoir críochfort muirí agus cuideachta stíbheadóireachta a bhfuil oibríochtaí aige ar fud chóstaí na Stát Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10856 — OAKTREE / CPP INVESTMENTS / PORTS AMERICA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË